II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/937 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Bealtaine 2023

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le "Fosfáit déstáirse fhosfáitithe a tháirgtear ó stáirse cruithneachta" a áireamh i liosta an Aontais de bhianna núíosacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bhí an Coimisiún le liosta an Aontais de bhianna núíosacha a údaraíodh nó ar tugadh fógra ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) a bhunú faoin 1 Eanáir 2018.

(2) Bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha a údaraíodh nó ar tugadh fógra ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 258/97 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Tá earráid sainaitheanta ag an gCoimisiún san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Tá gá le ceartú chun soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt d'oibreoirí gnó bia agus d'údaráis inniúla na mBallstát, agus ar an gcaoi sin déanfar foráil maidir le cur chun feidhme cuí agus úsáid chuí liosta an Aontais de bhianna núíosacha.

(4) D'údaraigh údarás inniúil na Ríochta Aontaithe an bia núíosach "Fosfáit déstáirse fhosfáitithe a tháirgtear ó stáirse cruithneachta" (stáirse cruithneachta fosfáitithe) faoi choinníollacha áirithe úsáide i mí na Bealtaine 2014 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 258/97. Fágadh an bia núíosach ar lár i liosta an Aontais trí dhearmad nuair a bunaíodh an liosta tosaigh. Dá bhrí sin, is iomchuí "Fosfáit déstáirse fhosfáitithe a tháirgtear ó stáirse cruithneachta" a chur le liosta an Aontais de bhianna núíosacha.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a cheartú dá réir.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Eanáir 1997 maidir le bianna núíosacha agus comhábhair bia núíosacha (IO L 43, 14.2.1997, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(a) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir an iontráil a bhaineann le "Stáirse arbhair Indiaigh fosfáitithe" agus an iontráil a bhaineann le "Fosfáitidilséirín ó fhosfailipidí éisc":

"**Stáirse cruithneachta fosfáitithe**	*Catagóir bhia shonraithe*	*Uasleibhéil*	Is é 'Stáirse cruithneachta fosfáitithe' ainmniú an bhia núíosaigh a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu."	
	Táirgí bácúis bácáilte	15 %		
	Pasta			
	Gránaigh bhricfeasta			
	Barraí gránaigh,			

(b) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach idir an iontráil a bhaineann le "Stáirse arbhair Indiaigh fosfáitithe" agus an iontráil a bhaineann le "Fosfáitidilséirín ó fhosfailipidí éisc":

"**Stáirse cruithneachta fosfáitithe**	**Tuairisc:** Stáirse frithsheasmhach atá modhnaithe go ceimiceach agus a dhíorthaítear ó stáirse cruithneachta trí chóireálacha ceimiceacha éagsúla chun trasnaisc fosfáite a chruthú laistigh de mhóilíní stáirse aonair agus eatarthu is ea fosfáit déstáirse fhosfáite a tháirgtear ó stáirse cruithneachta (stáirse cruithneachta fosfáitithe). Is púdar saorshreafa bán nó beagnach bán é an comhábhar bia núíosach. **Saintréithe/Comhdhéanamh:** Uimh. CAS: 11120-02-8 Foirmle cheimiceach: $(C_6H_{10}O_5)_n$ $[(C_6H_9O_5)_2PO_2H]_x$ $[(C_6H_9O_5)PO_3H_2]_y$ n = an líon aonad glúcóis; x, y = céimeanna ionadaíochta		
	Paraiméadar	Foirm phúdrach 1	Foirm phúdrach 2
	Fosfáit Déstáirse Fhosfáitithe (ar bhonn ábhar tirim)	≥ 85 %	≥ 75 %
	Stáirse Cruithneachta Neamhmhodhnaithe (ar bhonn ábhar tirim)	≤ 15 %	≤ 25 %
	Taisleach	9–12 %	
	Iomlán na snáithíní cothaitheacha (ar bhonn ábhar tirim)	≥ 76,0 %	≥ 66,0 %
	Luaith	≤ 3 %	
	Próitéin	≤ 0,5 %	

	Iomlán na saille	≤ 0,50 %	≤ 0,34 %
	Fosfar cheangailte iarmharach	≤ 0,4 % (mar fhosfar)	
	pH (25 % sciodar)	4,5 — 6,5	
	Miotail throma: Arsanaic: ≤ 1 mg/kg Luaidhe: ≤ 2 mg/kg Mearcair: ≤ 0,1 mg/kg **Critéir mhicribhitheolaíochta:** Áireamh iomlán aeróbach inmharthana: ≤ 10^4 CFU/g Áireamh iomlán an ghiosta agus an mhúscáin: ≤ 200 CFU/g *Escherichia coli*: Diúltach sa tástáil *Salmonella* spp.: Diúltach sa tástáil CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta”		